snas.ie

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc & Tástáil

# FORBAIRT GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ
## TEAGASC AR LÍNE

### CLEACHTAÍ CAINTE

# AG CUR SÍOS AR DHAOINE

## Aidhm

Saorchleachtadh cainte - ag cur síos ar dhaoine.

Beidh na foghlaimeoirí ag cur cuma dhifriúil orthu féin agus ag déanamh cur síos ar an gcuma dhifriúil atá curtha ag foghlaimeoirí eile orthu féin.

## Treoir

Tabhair 60 soicind do na foghlaimeoirí chun féachaint go géar ar na daoine eile atá ar an scáileán. Ansin caithfidh siad ar fad dul timpeall an tí / an tseomra agus rud éigin a fháil a chuirfidh cuma dhifriúil orthu féin (spéaclaí gréine, scaif, hata, cóta srl.). Cuir teorainn ama dhá nóiméad leis seo! Nuair a thiocfaidh siad ar ais, caithfidh siad labhairt faoi cad atá difriúil: ‘Tá hata ar Gemma anois agus ní raibh hata uirthi níos luaithe’; ‘Bhí spéaclaí ar Alex ar ball agus níl spéaclaí uirthi anois’.

## Forbairt / Nótaí

D’fhéadfaí an cleachtadh seo a cheangal le topaic ina bhfuil éadaí agus na forainmneacha réamhfhoclacha áirithe sin i gceist.